

SCRÚDUIMHIR

Iomlán  
na Marcanna**AN ROINN OIDEACHAIS****SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1997****GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)****(270 marc)****DÉ hAOINE, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.00**

STAMPA AN IONAIÐ

DON SCRÚDAITHEOIR	
CEIST	MARC
1	
2	
3	
4	
5	
6	
CT	
IOMLÁN	
GRÁD	

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 agus 3).



Ceist 1

Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.

(40 marc)

	Uimhir	Litir
<p>LE DÍOL</p> <p><b>GLUAISROTHAR</b></p> <p>1 AR PHRAGHAS RÉASÚNTA</p>	1	
<p>2 <b>AMHARCLANN NA SCOILE</b></p> <p>CLEACHTADH DRÁMAÍOCHTA</p> <p>4.30 P.M. INNIU</p>	2	
<p>3 <b>Gomhaltas Geollóirí Éireann</b></p> <p>Ranganna ar an bhFeadóg Stáin</p> <p>Dé Céadaoin 8.00 P.M.</p>	3	
<p>4 <b>CARRCHALADH</b></p> <p>GLUAISTEÁIN ↗</p> <p>PAISINÉIRÍ →</p>	4	
<p>5 <b>FÉILE SCANNÁN CHORCAÍ</b></p> <p>AG TOSÚ 19 MEITHEAMH</p> <p>I BPICTIÚRLANN AN CHAPITOL</p>	5	
<p>6 <b>AG TEASTÁIL</b></p> <p>DUINE LE MAGAIDH OBAIR OIFIGE</p> <p>- SCILEANNA RÍOMHAIREACHTA</p> <p>TÁBHACHTACH -</p>	6	
<p>7 <b>GO MALL!</b></p> <p><b>UACHTARLANN</b></p> <p>LEORAITHE AG TRASNÚ.</p>	7	
<p>8 <b>Cumann Lúthchleas Gael</b></p> <p>CLUICHE CEANNAIS :</p> <p>PEIL SHINSEARACH</p> <p>DO CHAILÍNÍ</p>	8	
<p>9 <b>IONAD SLÁINTE CHILLDARA</b></p> <p>OSCAILTE: LUAN GO #AOINE</p> <p>FIACLÓIR ANSEO GACH MÁIRT</p>	9	
<p>10 <b>Beidh Ranganna Aclaíochta</b></p> <p>do Dhaoine Fásta ar siúl</p> <p>gach Aoine sa Halla Spóirt</p> <p>ag an Múinteoir Corpordeachais</p>	10	









(a) Léigh an litir atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi.

(25 marc)

*An Meigeastór*

"An Meigeastór",  
9 Sráid Phádraig,  
Corcaigh.  
14 Bealtaine, 1997

Pádraig Mac Conmara,  
18 An tSráid Mhór,  
Dún Garbhán,  
Co. Phort Láirge.

A chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 10ú lá.

Is breá liom a fheiceáil gur mhaith leat a bheith ag obair linn go páirtaimseartha sa "Mheigeastór" an samhradh seo.

Chun a bheith ag obair linn, caithfidh tú cead a fháil ó do thuismitheoirí agus caithfidh tú a bheith ábalta a thaispeáint go bhfuil tú os cionn sé bliana déag.

Tá agallamh socraithe agam duit don 17 Bealtaine (Dé Sathairn). Tar go dtí m'oiú sa "Mheigeastór" ar a deich a chlog an lá sin agus tabhair leat nóta ó do thuismitheoirí. Bfodh do theastas breithe agat freisin.

Má fhaigheann tú an post beidh cúrsa traenála le déanamh agat sula ndéanfaidh tú do chéad lá oibre.

Is mise,

*Eilís Ní Shé*  
Bainisteoir

Ceisteanna:

1. Cén áit a bhfuil Pádraig ina chónaí ?

I gCorcaigh	
I gConamara	
I nDún Garbhán	

2. Cén dáta ar scríobh Pádraig a litir ?

9ú Bealtaine	
10ú Bealtaine	
14ú Bealtaine	

3. Cad a chaithfidh Pádraig a fháil óna thuismitheoirí ?

Airgead	
Cead	
Teastas Breithe	

4. Cén aois a chaithfidh Pádraig a bheith chun an post seo a fháil ?

Os cionn 16 bliain	
Os cionn 17 bliain	
Os cionn 18 bliain	

5. Cad a bheid ar siúl ag Pádraig ar 17 Bealtaine ?

Agallamh	
Cúrsa Traenála	
Lá Oibre	

AR SAOIRE I gCONAMARA ?



Fan linne

I mBRÚ INDREABHÁIN

I GCEARTLÁR NA GAELTACHTA



Is anseo ar chósta na Gaillimhe atá Brú Indreabháin. Tá seomraí compórdacha againn agus cistin mhór chun béile a ullmhú. Faighimid iasc úr ó Ros a' Mhíl gach lá.

Ná bac le carr ná le bus. Téigh ag rothaíocht timpeall an cheantair álainn seo ... is é an rothar is fearr! Tá radharc iontach ar Árainn agus ar Cho. an Chláir ón mBrú.

Tabhair cuairt ar Árainn! Téigh ar eitleán ó Aerfort na Minna atá in aice linn agus beidh tú in Árainn i gceann sé nóiméad! Nó téigh ar bhád ann ó Ros a' Mhíl - tógann sé 30 nóiméad ar bhád dul ann.

Tuilleadh Eolais ag: 091-593154

Ceisteanna:

1. Cá bhfuil Brú Indreabháin ?

In Árainn	
I gCo. an Chláir	
I gConamara	

2. Cén áit a bhfaigheann an Brú iasc úr gach lá ?

ó Ros a' Mhíl	
ó Ghailimh	
ó Árainn	

3. Cad é an bealach is fearr chun dul timpeall an cheantair álainn seo ?

i gcarr	
ar bhus	
ar rothar	

4. Cén t-ainm atá ar an aerfort atá in aice leis an mBrú ?

Aerfort na Gaillimhe	
Aerfort na Minna	
Aerfort na Sionainne	

5. Cé mhéad nóiméad a thógann sé ar eitleán dul go hÁrainn ?

1 nóiméad	
6 nóiméad	
30 nóiméad	

**AN PEATA A SHÁBHÁIL CLANN**

**Shábháil peata óg clann as Baile Átha Cliath ón mbás nuair a chuaigh a dteach trí thine go deireanach aréir.**

Bhí Seán de Cléir, a bhean Cáit, agus a bpáistí Eoin (12), Dónall (10), Cáitín (9) agus Conán (4) ina gcodladh thart ar a dó dhéag a chlog aréir nuair a chuaigh an meaisín níocháin sa chistin trí thine.

Ach bhí Cara – an madra caorach a cheannaigh Seán Dé Sathairn seo caite – i gciseán sa halla agus chuir an tine eagla ar an gcréatúr.

Rith Cara suas an staighre go dtí seomra codlata Eoin. Léim an madra ar leaba Eoin ag tafann. Dhúisigh Eoin an chuid eile den chlann.

Rith gach duine amach sa ghairdín agus chuir comharsa bhéal dorais fios ar an mbriogáid dóiteáin.

Tugadh an chlann ar fad chuig an ospidéal ach níor choinnigh siad aon duine istigh. In óstán a chaith an chlann – agus Cara! – an chuid eile den oíche.

**Ceisteanna:**

1. Cén áit arb as an chlann ?

Co. an Chláir	
Baile Átha Cliath	
Tír Eoghain	

2. Cén sórt peata a shábháil an chlann ?

Caitín	
Caora	
Madra óg	

3. Cá raibh ciseán an pheata ?

sa chistin	
sa halla	
sa seomra codlata	

4. Cé a chuir fios ar an mbriogáid dóiteáin ?

Seán de Cléir	
Cáit de Cléir	
Comharsa Bhéal Dorais	

5. Cén áit ar chaith an chlann an chuid eile den oíche ?

san ospidéal	
in óstán	
sa ghairdín	

**Ceist 3**

Freagair do rogha dhá cheann de (a), (b), (c) anseo thíos.

(60 marc)

(a) Léigh an t-ait atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi.

(30 marc)



An bhfaca tú na línte ar an gclár dubh ar an nóta £5 ? "Mise Raifteirí an file ..." Antaine Ó Raifteirí atá i gceist.

Rugadh é i gCill Aodáin i gCo. Mhaigh Eo sa bhliain 1784. Nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois bhuaill tinneas é agus chaill sé radharc na súl.

Ní raibh Antaine ábalta obair chrua a dhéanamh agus thosaigh sé ag foghlaim an veidhlín. Ag seinm ceoil ar an veidhlín a bhíodh sé chun airgead a fháil. File an-mhaith ab ea é freisin agus chum sé amhráin faoi na rudaí a tharla in Éirinn ag an am. Fuair sé bás i gCill Ínín i gCo. na Gaillimhe i 1835.

Bhailigh Dubhghlas De hÍde, an chéad Uachtarán ar Éirinn, go leor d'amhráin Antaine. Ceann amháin acu is ea "Eanach Dhúin". Amhrán é seo faoi ghrúpa daoine ó Eanach Dhúin a bhí ag iarraidh dul go Gaillimh ar aonach i mbád. Chuaigh an bád síos agus bádh 19 acu. Sa bhliain 1828 a tharla seo.

**Ceisteanna:**

1. Cén áit ar rugadh Antaine Ó Raifteirí ?

i gCill Aodáin	<input type="checkbox"/>
i gCill Ínín	<input type="checkbox"/>
in Eanach Dhúin	<input type="checkbox"/>

2. Cad a rinne sé chun airgead a fháil ? Bhí sé

ag obair go crua	<input type="checkbox"/>
ag seinm ceoil	<input type="checkbox"/>
ag deisiú bád	<input type="checkbox"/>

3. Cén bhliain a bhfuair sé bás ?

1784	<input type="checkbox"/>
1828	<input type="checkbox"/>
1835	<input type="checkbox"/>


4. Cén duine a bhailigh go leor d'amhráin Antaine ?

5. Cá raibh an grúpa daoine as Eanach Dhúin ag dul ?

go dtí Áras an Uachtaráin	<input type="checkbox"/>
go Gaillimh	<input type="checkbox"/>
go Maigh Eo	<input type="checkbox"/>



## PÍOBAIRE ÓN SAOL EILE ...



Bhí fear de mhuintir Shúilleabháin sa Chom darbh ainm Tomás. Rinceoir iontach ab ea é. Tráthnóna Domhnaigh, tháinig sé ar an Móinteán, ach ní raibh ceol ná rince ann an tráthnóna sin, mar bhí an ceoltóir tinn. D'iompaigh Tomás siar ar an gCom arís.

Ach nuair a bhí sé ar bharr na haille, d'fhéach Tomás síos agus chonaic sé píobaire strainséartha ina shuí ar leac chloiche in aice na trá is é ag seinm.

Seo síos é tríd an gcosán caol. Stad an píobaire. Ach arsa Tomás leis "Ba mhaith liom babhta rince a dhéanamh." Thosaigh an píobaire ag seinm agus níor stad sé go raibh Tomás sásta go maith. "Go raibh míle maith agat" arsa Tomás.

D'fhág Tomás ansin é. Nuair a bhí sé ar bharr na haille arís, bhreathnaigh sé uaidh síos ar an leac, ach ní raibh an píobaire le feiceáil in aon áit. Tháinig crith cos agus lámh ar Thomás bocht agus chaith sé sé mhí fhada ar a leaba ina dhiaidh sin.

(As: PEIG le Peig Sayers)

### Ceisteanna:

1. Cén sórt duine ab ea Tomás Ó Súilleabháin ?

Ceoltóir	
Rinceoir	
Píobaire	

2. Cén lá ar tharla an eachtra seo ?

3. Cad a bhí cearr leis an gceoltóir an tráthnóna sin ? Bhí sé

Tinn	
Ag obair le móin	
Ag obair ar an bhfarraige	

4. Cad a bhí ar siúl ag an bpíobaire strainséartha in aice na trá ? Bhí sé

ag siúl ar an trá	
ag seinm ceoil	
Ag damhsa	

5. Cén áit ar chaith Tomás sé mhí ina dhiaidh sin ?

ar an trá	
ar bharr na haille	
ar a leaba	

**AGUS MÉ OCHT mBLIANA DÉAG**



Cailín le beartáin crochta ar gach méar aici,  
Chonaic mé ar shráideanna na cathrach aréir,  
An cóta, an folt dubh, na beola a bhí daite,  
Lasair ina súile is an gáire ar a béal.

Is eol dom an gleann as ar tháinig an cailín,  
Aithne agam uirthi ó bhí sí ina naí.  
Cuimhin liom cosnochta í, óg agus crosta í,  
Páiste gealgháireach, mo shean-pháirtí.

Níl sí sa chathair ach tamall beag gairid,  
Ach féach ar an athrú a tháinig gan mhoill,  
Chuala sí ceolta is plódú na sluaite  
Is tháinig an fiabhras ar a dtugtar Baile Átha Cliath.

Rachaidh sí abhaile um Nollaig go spleodrach  
Cuirfidh sí éad ar na cailíní a d'fhág sí ina diaidh.  
Ní fheadar an gcuimhneoidh sí ar an gcéad uair a phógas í  
Oíche na Nollag ag binn bhán an tí.

(Gluais: naí = leanbh; sean-pháirtí = seanchara; plódú = brú.)

(Le Muiris Ó Ríordáin)

**Ceisteanna:**

1. Cad a bhí "crochta ar gach méar" ag an gcailín ?

beartáin	
málaí	
páistí	

2. Tá ball éadaigh luaite i véarsa a haon sa dán. Ainmnigh é.

3. Cén áit arbh as an cailín ?

as an gcathair	
as an ngleann	
as an mbaile mór	

4. Cá rachaidh an cailín "um Nollaig go spleodrach" ?

abhaile	
go Baile Átha Cliath	
go dtí ceolchoirm	

5. Cén uair a phóg an file an cailín den chéad uair ?

oíche aréir	
oíche Nollag	
maidin inné	

FREAGAIR GACH CEIST (4, 5 agus 6).

**CEIST 4** Freagair (a) **NÓ** (b).

(30 marc)

(a) Féach ar na pictiúir atá thíos.



Cén rud ?  
Cén áit ?



Cén oíche? Dáta? Am?  
Cén cead isteach ?



Cé hí bean an tí ?




Cad a tharlóidh don airgead ?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**FÓGRA**

(b) Féach ar na pictiúir atá thíos.



Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Eoin ag insint:

- Cad a bheidh ar siúl? Cén áit? Cén lá? Cén t-am? } Pict. 1
- Cén dáta? Cén cead isteach? }
- Cad a tharla nuair a ghlaigh tú? } Pict. 2
- Gur mhaith leat go rachadh Eoin ann leat. } Pict. 3
- Cad a dhéanfaidh sibh ina dhiaidh sin? } Pict. 4

**CUIREADH**



- (b) Ba mhaith leat a bheith i do bhean phoist (nó i do fhear poist). Fuair tú an Fhoirm Iarratais seo le líonadh.  
Líon isteach an Fhoirm Iarratais atá thíos.

[Nóta: Is tusa Ailbhe Dáibhís]

AN POST  
Fhoirm Iarratais



Ainm: *Ailbhe Dáibhís*

Seoladh: .....

.....

Aois: ..... Dáta Breithe: .....

Airde: ..... Meáchan: .....

Ainmnigh na hábhair a rinne tú don Teastas Sóisearach. ....

.....

Cad é an t-ábhar is mó a thaitin leat ar scoil ? .....

An bhfuil tú ábalta rothaíocht ? .....

An bhfuil ceadúnas tiomána agat ? .....

Ar thiomáin tú veain riamh ? .....

Beidh agallamh le déanamh agat. Cuir tic (✓) leis an dáta is fearr leat. Iúil 14ú  ; 15ú  ; 16ú  .

An dtuigeann tú go mbeidh ort éirí an-luath ar maidin don obair seo ? .....

An bhfuil tú ábalta seoladh atá scríofa i nGaeilge a léamh ? .....

Luaigh trí chaitheamh aimsire atá agat .....

Scríobh alt beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair leis an bPost.

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Síniú: *Ailbhe Dáibhís*

Dáta: \_\_\_\_\_



